Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2022
(OR. en)

15179/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0369(APP)**

**FIN 1259
CADREFIN 200
RESPR 43
POLGEN 152**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14473/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14442/22 (COM(2022) 595 final) |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta ó 2021 go dtí 2027<br>– *Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>– *Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas* |

1. An 9 Samhain 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta ó 2021 go dtí 2027[1]. Tá an Rialachán ón gComhairle atá beartaithe mar chuid den phacáiste tograí maidir leis an tacaíocht don Úcráin a mhaoiniú, mar aon leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin (cúnamh macra-airgeadais +)[2] agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachta[3].

[1] 14442/22.
[2] 14562/22.
[3] 14443/22.

2. I gcomhréir le hAirteagal 312(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chomhairle an rialachán a ghlacadh ag gníomhú di d'aon toil, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

3. An 18 Samhain 2022, cuireadh an dréachtrialachán ón gComhairle ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

4. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don dréachtrialachán ag an seisiún iomlánach an 24 Samhain 2022[4].

5. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann an dréachtrialachán ón gComhairle a ghlacadh gan mhoill, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- téacs an dréachtrialacháin ón gComhairle a ghlacadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 14471/1/22 REV 1 agus REV 2 (de) é;

- cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise phráinn an ábhair, maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] P9_TA(2022)0410.